AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.1.2022
COM(2022) 15 final

2022/0006 (NLE)

Togra le haghaidh

# MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le soghluaisteacht saorálaithe óga ar fud an Aontais Eorpaigh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SWD(2022) 4 final}

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Is ar an dlúthpháirtíocht atá an tAontas Eorpach bunaithe, i measc a shaoránach agus i measc a Bhallstát. Leis an gcomhluach uilíoch sin, treoraítear gníomhaíochtaí an Aontais agus soláthraítear an aontacht is gá chun dul i ngleic leis na dúshláin atá os comhair na sochaí sa lá atá inniu ann agus a bheidh os a comhair amach anseo, ar dúshláin iad a rachaidh Eorpaigh óga i ngleic leo trína ndlúthpháirtíocht a léiriú sa chleachtas.

Bhí tionchar nach bhfacthas riamh ag paindéim COVID-19 ar oideachas, fostaíocht, cuimsiú sóisialta agus meabhairshláinte daoine óga. Chuir an phaindéim isteach ar a ndeiseanna oideachais agus fostaíochta, agus mhothaigh go leor daoine óga uaigneach, imníoch agus in ísle brí. Ag an tráth céanna, léirigh daoine óga dlúthpháirtíocht idirghlúine agus tacaíocht, agus d'éirigh leo an-teacht aniar a léiriú agus an-iarracht a dhéanamh chun tionchar na paindéime a mhaolú.

D'fhógair an tUachtarán von der Leyen ina hAitheasc ar Staid an Aontais an 15 Meán Fómhair 2021 go mbeartódh an Coimisiún Eorpach go mbeadh 2022, Bliain Eorpach na hÓige, 'ina bliain a thiomnófar do chumhachtú na ndaoine a bhfuil oiread sin tiomnaithe acu féin do dhaoine eile'. Chuir sí i dtábhacht go bhfuil 'an t-aos óg ina iomláine de dhíth ar an Eoraip'. An 14 Deireadh Fómhair 2021, chuir an Coimisiún dréacht-togra síos le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Bliain Eorpach na hÓige 2022. I dtaca leis na deiseanna a thugann beartais phoiblí do dhaoine óga ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil chun tacú lena bhforbairt phearsanta, shóisialta agus ghairmiúil, ceann de chuspóirí na Bliana is ea na deiseanna sin a chur chun cinn.

Is é an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach[1] ionad ilfhreastail an Aontais le haghaidh deiseanna saorálaíochta do dhaoine óga. Tugtar go leor deiseanna do dhaoine óga páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta i raon leathan réimsí agus tacú le gníomhairí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ina gcuid iarrachtaí déileáil le dúshláin agus le géarchéimeanna éagsúla.

Eispéireas saibhir i gcomhthéacs na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla atá sa tsaorálaíocht, san Aontas agus lasmuigh de araon, agus feabhsaítear léi forbairt phearsanta, shochoideachasúil agus ghairmiúil, saoránacht ghníomhach, rannpháirtíocht shibhialta agus infhostaitheacht daoine óga. Is sócmhainn thábhachtach é meon tionscnaimh daoine óga don tsochaí agus do mhargadh an tsaothair.

Baineann gné bhreise leis an tsaorálaíocht thrasnáisiúnta ar fud an Aontais, eadhon cuidiú le pobal i dtír eile, tuiscint idirchultúrtha a mhéadú, dul i mbun foghlama agus oibre i dteanga iasachta. Is mór ag margadh saothair na hEorpa an t-ilteangachas, an ilchultúrthacht agus an inoiriúnaitheacht.

An 20 Samhain 2008, ghlac an Chomhairle Moladh maidir le soghluaisteacht saorálaithe óga ar fud an Aontais Eorpaigh ('Moladh 2008 ón gComhairle')[2]. Deich mbliana ina dhiaidh sin, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún nuashonrú a mholadh ar Mholadh 2008 ón gComhairle

---

[1] Rialachán (AE) 2021/888 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2018/1475 agus (AE) Uimh. 375/2014 (europa.eu)

[2] IO C 319, 13.12.2008, lgh. 8-10.

maidir le soghluaisteacht saorálaithe óga ar fud an Aontais mar chuid dá Rún lena dtacaítear le Straitéis Óige an Aontais (2019-2027)[3].

Sa Teachtaireacht maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a bhunú faoi 2025[4], cuireadh i dtábhacht go gcuidíonn 'an fhoghlaim sheachfhoirmiúil, lena n-áirítear an tsaorálaíocht, le daoine scileanna agus inniúlachtaí saoil agus gairmiúla a shealbhú. Ní mór na scileanna agus na hinniúlachtaí sin a chothú, meas a léiriú orthu agus iad a aithint go hiomlán.' Cuirtear i dtábhacht inti freisin go bhfuil 'bacainní fós ar shoghluaisteacht na saorálaíochta trasteorann, lena n-áirítear aitheantas a thabhairt do thorthaí foghlama fostóirí.' Fógraítear sa Teachtaireacht go soláthrófar treoraíocht nuashonraithe bheartais chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní dlíthiúla, airgeadais agus riaracháin a chuireann bac ar shaorálaíocht trasteorann na hóige agus ar an dlúthpháirtíocht. Leis an treoraíocht nuashonraithe sin, cuirfear tuilleadh feabhais ar chuimsitheacht, ar cháilíocht agus ar aitheantas na n-eispéireas trasteorann faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach.

Sa chreat straitéiseach nua maidir le comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021-2030)[5], dheimhnigh an Chomhairle i réimse tosaíochta 1 gur saincheist nithiúil ó thaobh na gníomhaíochta de é 'an fhoghlaim sheachfhoirmiúil, lena n-áirítear an tsaorálaíocht, a chothú, luach a chur uirthi agus í a aithint, agus feabhas a chur ar chuimsitheacht, ar cháilíocht agus ar aitheantas gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta trasteorann.'

Sa tuarascáil uaidh an 14 Deireadh Fómhair 2021 maidir le cur chun feidhme Straitéis Óige an Aontais[6], tagraíonn an Coimisiún dá athbhreithniú ar Mholadh 2008 ón gComhairle chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do dheiseanna soghluaisteachta agus saorálaíochta. Cuireann sé i dtábhacht go bhfuil an t-athbhreithniú ábhartha agus tráthúil i gcomhthéacs na paindéime agus a chuid tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn (sláinte agus sábháilteacht saorálaithe, dlúthpháirtíocht idirghlúine), agus gur gá iniúchadh a dhéanamh ar chineálacha nua saorálaíochta, lena n-áirítear saorálaíocht dhigiteach agus saorálaíocht atá digiteach go páirteach agus ar an láthair go páirteach.

Bhí sé d'aidhm ag Moladh 2008 ón gComhairle constaicí ar an tsaorálaíocht san Eoraip a dhíchur trí fheasacht a mhúscailt, an acmhainn maidir le deiseanna saorálaíochta a thairiscint a mhéadú, bacainní ar an rannpháirtíocht a laghdú go háirithe do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus aitheantas níos fearr a thabhairt do na scileanna a foghlaimíodh. Sa Mholadh, iarradh ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit trí ghníomhaíochtaí amhail an fhoghlaim fhrithpháirteach, dreasachtaí a sholáthar trí chláir shoghluaisteachta agus tairseach ar líne a chruthú chun freastal ar éilimh ar an tsaorálaíocht agus ar thairiscintí saorálaíochta. Rinneadh obair leantach ar na gníomhaíochtaí agus tá siad ina bpríomhchuid de ghníomhaíochtaí óige an Aontais anois. Tá an chuid is mó de na saincheisteanna a ardaíodh i Moladh 2008 ón gComhairle fós ábhartha, agus ba cheart leanúint le cur chun feidhme na saincheisteanna sin. Ba cheart athruithe a rinneadh ó bhí 2008 ann a léiriú sa leagan nuashonraithe, áfach, lena n-áirítear:

– timpeallacht saorálaíochta a bhfuil athrú suntasach tagtha uirthi, go háirithe ó seoladh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach mar phríomhsholáthraí ghníomhaíochtaí na

[3] IO C 456, 18.12.2018, lgh. 1-22.

[4] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025, COM(2020)625 final, le fáil ag EUR-Lex - 52020DC0625 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

[5] Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn (2021 – 2030), IO C 66, *26.2.2021,* le fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=CELEX:32021G0226(01)

[6] https://europa.eu/youth/d8/sites/default/files/inline-files/1_EN_ACT_part1_v3.pdf

dlúthpháirtíochta trasnáisiúnta le haghaidh daoine óga ar leibhéal an Aontais, agus scéimeanna náisiúnta nua saorálaíochta agus seirbhísí, agus gnéithe trasnáisiúnta ag baint leo freisin;

– laguithe ar an tsoghluaisteacht a bhaineann le himthosca gan choinne (amhail paindéim COVID-19), agus an gá atá le sláinte, sábháilteacht agus slándáil saorálaithe a chaomhnú;

– aitheantas níos mó go bhforbraíonn an tsaorálaíocht scileanna agus inniúlachtaí a bhfuil gá leo i margadh an tsaothair. Na torthaí foghlama a thacaíonn le forbairt phearsanta, oideachais, shóisialta, shibhialta agus ghairmiúil na saorálaithe agus dá bhrí sin, lena hinfhostaitheacht na saorálaithe, cuireadh uirlisí nua ar fáil chun iad a dhoiciméadú agus a bhailíochtú, agus ní mór é sin a chur in iúl go hiomlán don phobal saorálaíochta agus d’fhostóirí freisin;

– an gá atá le níos mó daoine óga ar lú na deiseanna atá acu ó thaobh na saorálaíochta de a áireamh;

– dúshláin dhéimeagrafacha, lena n-áirítear aosú dhaonra na hEorpa, a sholáthraíonn deiseanna le haghaidh dlúthpháirtíochta níos idirghlúine;

– treochtaí nua sa tsaorálaíocht atá ag teacht chun cinn, amhail an tsaorálaíocht dhigiteach[7] agus an tsaorálaíocht ‘tráchtála’[8];

– na hábhair imní atá ag dul i méid maidir le tionchair chomhshaoil agus soghluaisteacht inbhuanaithe.

Tá go leor bacainní ar an tsaorálaíocht thrasnáisiúnta fós ann ar fud an Aontais. Tá sé ríthábhachtach constaicí den sórt sin a bhaint nó a laghdú chun feidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus na gclár náisiúnta comhchosúil saorálaíochta ar fud an Aontais a áirithiú. Is iad seo a leanas na bacainní is tábhachtaí, arna dtuairisciú ag páirtithe leasmhara éagsúla:

– éagsúlacht na gcreataí náisiúnta riaracháin agus rialála lena rialaítear réimse na saorálaíochta;

– easpa faisnéise praiticiúla ar líne maidir le saincheisteanna amhail cumhdach slándála sóisialta na saorálaithe trasnáisiúnta, teidlíochtaí slándála sóisialta na saorálaithe, nósanna imeachta chun iarratas a dhéanamh ar an gCárta Eorpach um Árachas Sláinte, etc[9].;

– easpa feasachta ar luach eispéiris saorálaíochta agus tearcúsáid socruithe chun na scileanna a shealbhaíonn saorálaí tríd an tsaorálaíocht a bhailíochtú;

– easpa deiseanna saorálaíochta le haghaidh daoine óga ar lú na deiseanna atá acu;

– rialacha a bhíonn doiléir uaireanta maidir le tacú le saorálaithe agus iad a chosaint, lena n-áirítear le linn géarchéime amhail paindéim COVID-19;

---

7 An tsaorálaíocht dhigiteach, dá ngairtear freisin an tsaorálaíocht fhíorúil nó an tsaorálaíocht ar líne, tugtar le tuiscint léi gníomhaíochtaí saorálaíochta a dhéantar trí theicneolaíocht agus trí uirlisí atá cumasaithe don idirlíon, nach mbíonn aon soghluaisteacht fhisiciúil i gceist leo de ghnáth.

8 An cleachtas a bhaineann leis an tsaorálaíocht agus saoire a thabhairt le chéile, agus páirt á glacadh ag daoine i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta mar dhlúthchuid de shaoire, gníomhaíochtaí as a n-íocann siad (ar a dtugtar turasóireacht na saorálaíochta i staidéir / sna meáin).

9 Le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta, ba cheart a mheabhrú go ndéantar foráil i dtaca le comhordú cearta slándála sóisialta, lena n-áirítear sochair bhreoiteachta, i gcásanna trasteorann agus baineann sé le saorálaithe ag aistriú idir na Ballstáit.

– easpa sineirge idir scéimeanna an Aontais agus scéimeanna náisiúnta atá dírithe ar ghníomhaíochtaí saorálaíochta trasnáisiúnta.

Tá sé d'aidhm ag an Moladh ón gComhairle atá beartaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

– saorálaíocht thrasnáisiúnta na hóige a éascú, mar chuid den Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach nó mar chuid de scéimeanna eile ar an leibhéal náisiúnta;

– treoraíocht bheartas a mholadh chun feabhas a chur ar chuimsitheacht, cáilíocht, aitheantas agus inbhuanaitheacht shaorálaíocht thrasnáisiúnta na hóige;

– an chomhlántacht idir scéimeanna saorálaíochta sna Ballstáit agus sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach a éascú; agus

– an fhoghlaim fhrithpháirteach agus líonrú i ngníomhaíochtaí saorálaíochta trasnáisiúnta le haghaidh na hóige a spreagadh.

• **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Sa togra, cuirtear le roinnt beartas óige ábhartha de chuid an Aontais. I Straitéis Óige an Aontais, leagtar amach ról an Aontais i réimse na ngníomhaíochtaí óige agus dlúthpháirtíochta. Cumhdaítear léi comhar Straitéis Óige an Aontais le haghaidh na tréimhse 2019-2027 agus cothaítear rannpháirtíocht óige sa saol daonlathach; tacaítear freisin leis an rannpháirtíocht shóisialta agus shibhialta, an tsaorálaíocht agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, agus is é is aidhm léi a chinntiú go mbeidh na hacmhainní is gá ag gach duine óg chun páirt a ghlacadh sa tsochaí.

Seoladh an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach in 2016 agus tá sé bunaithe ó bhí 2018 ann ar Rialachán agus ar bhuiséad neamhspleách[10]. Soláthraíonn an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach ionad ilfhreastail le haghaidh gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta ar fud na hEorpa atá maoinithe ag an Aontas agus tugann sé deis do dhaoine óga páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta ina dtír féin nó ar an gcoigríoch. Le Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach nua 2021-2027, cuireadh béim ar leith ar an gcuimsiú, mar a léirítear sa chreat a glacadh le déanaí i ndáil le bearta maidir leis an gcuimsiú de chuid chlár Erasmus+ agus chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh le haghaidh 2021-2027[11]. Is ionstraim aitheantais é Youthpass[12] le haghaidh na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla a forbraíodh i gcomhair tionscadail óige a reáchtáiltear faoi chláir óige Eorpacha, go háirithe an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach. Trí dheimhniú Youthpass, is féidir torthaí foghlama ó rannpháirtíocht i dtionscadail den sórt sin a aithint agus a dhoiciméadú.

Rannchuideoidh an Moladh ón gComhairle atá beartaithe leis na nithe seo a leanas freisin:

- Bliain Eorpach na hÓige 2022[13];

---

10 Idir 2018 agus 2020, bhí an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach bunaithe ar Rialachán (AE) 2018/1475 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos creat dlíthiúil an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013, Rialachán (AE) Uimh. 1293/2013 agus Cinneadh Uimh 1313/2013/AE, IO L 250, 4.10.2018, lgh. 1–20.
Le haghaidh na tréimhse 2021-2027, tá an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach bunaithe ar Rialachán (AE) 2021/888 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2018/1475 agus (AE) Uimh. 375/2014, IO L 202, 8.6.2021, lgh. 32-54.

11 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún - an creat i ndáil le bearta maidir leis an gcuimsiú de chuid chlár Erasmus+ agus chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh 2021-27 | Erasmus+ (europa.eu), a glacadh an 22 Deireadh Fómhair 2021

12 Youthpass

13 Clár Dhoiciméid an Choimisiúin - COM(2021)634 (europa.eu)

- an Limistéar Eorpach Oideachais;
- straitéisí an Aontais um chomhionannas agus creataí maidir leis an mbeartas cuimsithe atá dírithe ar ghrúpaí sonracha a ndéantar idirdhealú orthu agus atá faoi mhíbhuntáiste agus a glacadh in 2020-2021: plean gníomhaíochta an Aontais maidir le frithchiníochas 2020-2025, creat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach, an straitéis um chomhionannas LGBTIQ, an Plean Gníomhaíochta um Imeascadh agus Cuimsiú agus an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas[14].

- **Comhsheasmhacht le beartais agus le cláir eile de chuid an Aontais**

Tá naisc idir saorálaíocht na hóige a dtacaítear léi ar leibhéal an Aontais agus réimsí beartais eile a bhaineann leis an óige amhail oideachas agus oiliúint, fostaíocht, saoránacht agus rannpháirtíocht dhaonlathach, cuimsiú sóisialta, imeascadh imirceach, cosaint an chomhshaoil agus an dúlra, gníomhú ar son na haeráide, cruthaitheacht agus cultúr, agus digitiú. Tacaíonn go leor clár agus ionstraimí de chuid an Aontais le daoine óga, go háirithe:

- an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, a thugann deiseanna do dhaoine óga páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta ar fud na hEorpa agus i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcabhair dhaonnúil ar fud an domhain;
- clár Erasmus+, a thugann deiseanna soghluaisteachta foghlama trasnáisiúnta do dhaoine óga agus d'oibrithe óige, agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta óige éagsúla;
- ráthaíocht don aos óg atreisithe a thacaíonn le daoine óga trí thairiscint mhaith fostaíochta, oideachas leanúnach, printíseacht nó cúrsa oiliúna a thabhairt dóibh laistigh de 4 mhí tar éis dóibh a bheith dífhostaithe nó an t-oideachas foirmiúil a fhágáil, agus
- creat ardchaighdeáin do chúrsaí oiliúna, ar ionstraim de chuid an Aontais é chun feabhas a chur ar cháilíocht cúrsaí oiliúna agus cleachtais mhí-úsáideacha i gcúrsaí oiliúna a chomhrac, lena n-áirítear gnáthphoist ar an leibhéal iontrála a ionadú.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an Moladh ón gComhairle atá beartaithe i gcomhréir le hAirteagal 165 agus Airteagal 166 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

De réir Airteagal 165(1) CFAE, 'rannchuideoidh an tAontas le hoideachas ar ardchaighdeán a fhorbairt tríd an gcomhar idir na Ballstáit a spreagadh agus, más gá, trí thacú lena ngníomhaíocht agus í a fhorlíonadh, agus freagracht na mBallstát i leith inneachar teagaisc agus eagrúchán an chórais oideachais á hurramú go hiomlán aige'.

Is é is aidhm do ghníomhaíochtaí an Aontais faoin gcúigiú fleasc d'Airteagal 165(2) CFAE 'taobhú le forbairt comhaiseag idir daoine óga agus idir teagascóirí sochoideachasúla, agus rannpháirtíocht na ndaoine óga i saol daonlathach na hEorpa a chothú'.

Leis an dara fleasc d'Airteagal 165(4) CFAE, foráiltear an méid seo a leanas chun na cuspóirí dá dtagraítear san Airteagal seo a bhaint amach:

[14] COM(2020) 565 final, 18.9.2020, COM(2020) 620 final, 9.10.2020, COM(2020) 698 final, 12.11.2020, COM(2021) 101 final, 3.3.2021)

- glacfaidh an Chomhairle moltaí, ar thogra ón gCoimisiún.

De réir Airteagal 166(1) CFAE, sonraítear go gcuirfidh an tAontas beartas gairmoiliúna chun feidhme a thacóidh le gníomhaíochtaí na mBallstát agus a fhorlíonfaidh iad, agus freagracht na mBallstát i leith inneachar agus eagrúchán na gairmoiliúna á hurramú go hiomlán aige.

Is é is aidhm do ghníomhaíocht an Aontais faoin tríú fleasc d'Airteagal 166(2) CFAE rochtain ar an ngairmoiliúint a éascú agus soghluaisteacht teagascóirí agus oiliúnaithe, go háirithe daoine óga, a spreagadh.

Leis an gcuid dheireanach de mhír 4 d'Airteagal 166 CFAE, foráiltear go nglacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, moltaí.

Ní bheartaítear leis an tionscnamh aon síneadh a dhéanamh ar chumhacht rialála an Aontais ná ar na gealltanais cheangailteacha atá ar na Ballstáit. Cinnfidh na Ballstáit, de réir a gcúinsí náisiúnta, an chaoi a gcuirfidh siad an Moladh seo ón gComhairle chun feidhme.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá an togra reatha i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta dá bhforáiltear in Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

Léiríonn an fhianaise nach féidir cuspóirí na gníomhaíochta atá beartaithe a bhaint amach go leordhóthanach le gníomhaíocht a dhéanann na Ballstáit. Is amhlaidh atá mar gheall ar scála Eorpach na gníomhaíochta atá beartaithe, atá dírithe go sonrach ar aghaidh a thabhairt ar chonstaicí ar shaorálaíocht thrasnáisiúnta na hóige san Eoraip agus ar thionchar an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus tionchar scéimeanna saorálaíochta trasnáisiúnta eile a fheabhsú.

I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, tugtar breac-chuntas sa togra ar bhealach chun tosaigh maidir le saorálaíocht thrasnáisiúnta na hóige san Aontas a fheabhsú agus déantar moltaí ann chuige sin

- **Comhréireacht**

Tá an togra atá ann faoi láthair i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta dá bhforáiltear in Airteagal 5(4) CAE.

Ní théann ábhar ná foirm an Mholta seo atá beartaithe thar a bhfuil gá leis chun a chuspóirí a bhaint amach. Is ar bhonn deonach a dhéanfaidh na Ballstáit na gealltanais agus tá sé de shaoirse ag gach Ballstát cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcur chuige a úsáidfidh sé. Urramaítear leis an Moladh atá beartaithe éagsúlacht na ngníomhaíochtaí saorálaíochta óige san Aontas Eorpach.

- **An rogha ionstraime**

Chun tacú leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 165 agus 166 CFAE a bhaint amach, déantar foráil leis an gConradh sin go nglacfaidh an Chomhairle moltaí, ar thogra ón gCoimisiún.

Is ionstraim iomchuí é moladh ón gComhairle laistigh de réimse na hóige, réimse ina bhfuil freagracht tacaíochta ar an Aontas, agus is ionstraim é a úsáidtear go minic le haghaidh gníomhaíocht Eorpach sna réimsí sin. Mar ionstraim dlí, léirítear léi tiomantas na mBallstát do na bearta a thíolactar agus soláthraítear léi bonn polaitiúil níos láidre le aghaidh comhar sa

réimse seo, agus lánurraim á tabhairt d'údarás an Bhallstáit i réimse an oideachais agus na hóige. Molann an Coimisiún go gcuirfear an Moladh seo in ionad an Mholta ón gComhairle an 20 Samhain 2008 maidir le soghluaisteacht saorálaithe óga ar fud an Aontais Eorpaigh.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Rinneadh meastóireacht ar Straitéis Óige an Aontais agus ar Mholadh 2008 ón gComhairle in 2015-2016[15]. Thángthas ar an gconclúid gur tugadh aghaidh leis an Moladh ar chuid de na saincheisteanna an-ábhartha agus seasmhacha a bhaineann leis an tsaorálaíocht thrasnáisiúnta agus ar chuid de na constaicí atá le sárú aici, ach go bhféadfadh an tsaorálaíocht thrasnáisiúnta a bheith níos uaillmhianaí agus a bheith nasctha ar bhealach níos fearr le hionstraimí cistiúcháin an Aontais atá ann faoi láthair.

Bhí gá fós le haitheantas níos fearr a thabhairt d'eispéireas saorálaíochta tráth na meastóireachta, cé gur rannchuidigh an Moladh leis an méadú ar an tóir ar theastais Youthpass agus ar aitheantas na dteastas sin, agus rannchuidigh an Moladh freisin leis na deiseanna a sholáthraítear ar ardán ar líne Europass. Aithníodh in 2015 gur saincheist phráinneach é cuimsiú daoine ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear iarratais ar víosa agus dearcthaí i leith imirceach. Aithníodh riachtanais eile freisin, lena n-áirítear dearbhú cáilíochta níos fearr le haghaidh tionscadail saorálaíochta, cistiú cobhsaí agus deiseanna fothaithe acmhainneachta d'eagraíochtaí agus digitiú na saorálaíochta. Ní bhfuarthas ach freagra measartha sna Ballstáit agus in eagraíochtaí óige chun dlús a chur le deiseanna lena n-acmhainní féin (lasmuigh de Sheirbhís Dheonach Eorpach Erasmus+ a bhí ann ag an am). Le himeacht ama, athraíodh tosaíochtaí na mBallstát chun an leibhéal an-ard dífhostaíochta i measc na hóige de thoradh na géarchéime airgeadais a chomhrac, agus aithníodh freisin go bhféadfadh níos mó deiseanna saorálaíochta a bheith ina gcuidiú.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Áiríodh leis an meastóireacht ar Mholadh 2008 agus ar Straitéis Óige an Aontais suirbhéanna ar pháirtithe leasmhara agus comhairliúchán poiblí in 2016[16]. Pléadh an tsaorálaíocht le linn 'Bhliain na hÉisteachta' a reáchtáladh roimh athnuachan Straitéis Óige an Aontais. Áiríodh leis an staidéar ar chonstaicí ar ghníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta[17] fócasghrúpaí agus suirbhéanna ar eagraíochtaí óige agus ar eagraíochtaí a bhíonn ag plé le gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta ar fud na hEorpa agus rinneadh i mí Dheireadh Fómhair 2019 iad (d'fhreagair thart ar 700 eagraíocht neamhrialtasach). Reáchtáladh comhairliúchán poiblí in earrach 2021[18].

---

15 Evaluation of the EU Youth Strategy and the Council Recommendation on the mobility of young volunteers (europa.eu) [Meastóireacht ar Straitéis Óige an Aontais agus ar an Moladh ón gComhairle maidir le soghluaisteacht saorálaithe óga (europa.eu)] SWD (2017) 281

16 Saorálaíocht na hóige – ag obair ar thionscadail i mBallstáit eile (europa.eu)

17 Staidéar ar chonstaicí ar ghníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta trasteorann a bhaint, Grúpa PPMI i gcomhar le EPRD, 2020, https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/1a7042cb-e678-11ea-ad25-01aa75ed71a1

18 https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12774-Youth-volunteering-working-on-projects-in-other-EU-countries-update-/public-consultation_en

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Rinne Grúpa PPMI[19] an staidéar ar 'chonstaicí ar ghníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta trasteorann a bhaint' idir mí an Mheithimh 2019 agus mí Eanáir 2020. Bhain sainghrúpa[20] ionadaithe na mBallstát agus príomheagraíochtaí páirtithe leasmhara leas as moltaí an staidéir. Chuir an sainghrúpa bonn fianaise an athbhreithnithe i gcrích le samplaí agus eispéiris ó chleachtais riaracháin agus le haiseolas ó eagraíochtaí óige agus saorálaíochta[21].

- **Measúnú tionchair**

Ós rud é go raibh na gníomhaíochtaí beartaithe deonach agus comhlántach le tionscnaimh na mBallstát, agus i bhfianaise raon feidhme na dtionchar a raibh coinne leo, ní dhearnadh measúnú tionchair.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Cearta bunúsacha**

Leis an Moladh ón gComhairle atá beartaithe, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais[22], ina n-aithnítear go bhfuil an dlúthpháirtíocht ar cheann de na luachanna uilíocha ar a bhfuil an AE fothaithe. Go háirithe, cuirtear an méid seo a leanas san áireamh sa togra seo:

- Airteagal 8 (an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint),
- Airteagal 14 (an ceart chun oideachais),
- Airteagal 15 (saoirse chun slí bheatha a roghnú agus an ceart chun obair a dhéanamh),
- Airteagal 21 (neamh-idirdhealú),
- Airteagal 26 (daoine faoi mhíchumas a imeascadh),
- Airteagal 31 (dálaí oibre cothroma agus córa ) agus
- Airteagal 32 (saothar leanaí a thoirmeasc agus cosaint daoine óga ag an obair) den Chairt.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon acmhainn bhreise ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh de dhíth ar an tionscnamh seo.

---

19 Idem fonóta 18.

20 'Soghluaisteacht saorálaithe óga agus dlúthpháirtíocht trasteorann a chur chun cinn, bosca uirlisí praiticiúil le haghaidh gníomhaithe agus páirtithe leasmhara i réimse na hóige agus moltaí le haghaidh lucht ceaptha beartas', arna fhorbairt ag an sainghrúpa a bhunaigh an Coimisiún Eorpach chun tacú leis an bpróiseas athbhreithnithe ar Mholadh 2008 ón gComhairle maidir le soghluaisteacht saorálaithe óga, 2021 (rinneadh an obair idir mí Mheán Fómhair 2019 agus mí Mheán Fómhair 2020).

21 Sainghrúpa maidir le soghluaisteacht saorálaithe óga agus dlúthpháirtíocht trasteorann, Doiciméad eolais chun tacú leis an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar Mholadh 2008 ón gComhairle maidir le soghluaisteacht saorálaithe óga, Ecorys, Mí Feabhra 2020.

22 Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais (IO C 326, 26.10.2012, lch. 391).

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Chun tacú le cur chun feidhme, ba cheart do na Ballstáit dul chun cinn a áireamh sna nuashonruithe tráthrialta a dhéantar faoi Straitéis Óige an Aontais, go háirithe mar chuid de na pleanálaithe gníomhaíochtaí náisiúnta a bheidh ann sa todhchaí (FNAPanna). Molann an Coimisiún go dtuairisceoidh sé ar úsáid an Mholta ón gComhairle i gcomhthéacs na hoibre ar chur chun feidhme Straitéis Óige an Aontais agus i gcomhthéacs an chreata straitéisigh le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn.

- **Breac-chuntas ar an Moladh agus ar an doiciméad inmheánach oibre**

Sa dréacht-Mholadh, moltar treoshuíomh agus gníomhaíochtaí is féidir leis na Ballstáit a shaothrú chun saorálaíocht thrasnáisiúnta na hóige a éascú a thuilleadh ar fud na hEorpa. Leagtar amach ann gealltanas an Choimisiúin Eorpaigh gníomhaíochtaí na mBallstát sa réimse sin a chomhlánú agus tacú leo. Sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis, tugtar tuairisc ar réimse leathan fianaise chun tacú leis an Moladh atá beartaithe.

2022/0006 (NLE)

Togra le haghaidh

# MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le soghluaisteacht saorálaithe óga ar fud an Aontais Eorpaigh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 165(4) agus Airteagal 166(4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Meán Fómhair 2021, d'fhógair an tUachtarán von der Leyen ina hAitheasc ar Staid an Aontais[23] go mbeartódh an Coimisiún Eorpach go ndéanfaí Bliain Eorpach na hÓige de 2022, 'ag cumhachtú na ndaoine a bhfuil oiread sin tiomnaithe acu féin do dhaoine eile'. Beidh Bliain Eorpach na hÓige, i measc rudaí eile, dírithe ar dheiseanna a chur chun cinn le haghaidh daoine óga a eascraíonn as beartais phoiblí ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, chun tacú lena bhforbairt phearsanta, shóisialta agus ghairmiúil i ndomhan glas, digiteach agus cuimsitheach.

(2) Mar a chuirtear i dtábhacht sa Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le tionchar COVID-19 ar an óige agus ar an spórt (2020/2864(RSP))[24], bhí daoine óga i gcroílár na ngníomhaíochtaí a bhí spreagtha ag an dlúthpháirtíocht chun freagairt do riachtanais a bpobal i bhfianaise phaindéim COVID-19, amhail feachtais feasachta a stiúradh, bheith ag obair ar an líne thosaigh mar chuid den Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus tionscnaimh saorálaíochta eile.

(3) Trína ngníomhaíochtaí saorálaíochta sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach agus i scéimeanna eile, tá éifeacht nithiúil á tabhairt ag daoine óga do Bhrollach an Chonartha ar an Aontas Eorpach (CAE), ina gcuirtear i dtábhacht mian na sínitheoirí an dlúthpháirtíocht idir pobail na hEorpa a dhoimhniú, agus d'Airteagal 2 CAE, ina luaitear an dlúthpháirtíocht mar cheann de na luachanna is coiteann do na Ballstáit.

(4) Cé go raibh an taithí leis an tSeirbhís Dheonach Eorpach (1996-2018) agus leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach rathúil, léiríodh gur gá an tsaorálaíocht thrasnáisiúnta a éascú a thuilleadh. Sa chomhthéacs sin, d'iarr an Chomhairle go ndéanfaí athbhreithniú ar an Moladh ón gComhairle an 20 Samhain 2008 maidir le soghluaisteacht saorálaithe óga ar fud an Aontais Eorpaigh ('an Moladh ón gComhairle, 2008') chun Acmhainneacht Chláir Óige an Aontais a neartú i dtaca le

[23] https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/soteu_2021_address_ga_0.pdf

[24] Téacsanna arna nglacadh – Tionchar COVID-19 ar an óige agus ar an spórt – Dé Céadaoin, an 10 Feabhra 2021 (europa.eu)

teagmháil a dhéanamh le daoine óga agus cuidiú le pobal a thógáil[25]. Léirítear é sin go háirithe in Iarscríbhinn 4 maidir leis an bPlean Oibre do Straitéis Óige an Aontais 2019-2021. Thairis sin, sa Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme Straitéis Óige an Aontais an 14 Meán Fómhair 2021[26], tagraítear don athbhreithniú ar Mholadh 2008 ón gComhairle.

(5) Tá an chuid is mó de na saincheisteanna a ardaíodh i Moladh 2008 ón gComhairle fós ábhartha, agus coinníodh sa togra seo iad. Tá gá le Moladh 2008 ón gComhairle a thabhairt cothrom le dáta mar gheall ar roinnt forbairtí ó bhí 2008 ann. Is forbairtí tábhachtacha iad seoladh an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh in 2016 agus cruthú scéimeanna náisiúnta nua saorálaíochta, a mbaineann gnéithe trasnáisiúnta leo a chuireann deiseanna comhchosúla ar fáil do dhaoine óga uaireanta. I Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027[27], iarradh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún, laistigh dá réimsí inniúlachta féin, comhlántacht agus sineirgí a lorg idir ionstraimí cistiúcháin an Aontais agus scéimeanna náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.

(6) I meastóireacht ar Straitéis Óige an Aontais agus ar Mholadh 2008 ón gComhairle[28], aithníodh go raibh sé ní ba phráinní in 2015 ná mar a bhí sé in 2008 daoine ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste a chuimsiú. Áirítear le riachtanais eile a aithníodh ach nár tugadh aghaidh orthu le Moladh 2008 dearbhú cáilíochta le haghaidh tionscadail saorálaíochta, deiseanna fothaithe acmhainneachta d'eagraíochtaí agus faireachán níos fearr ar chur chun feidhme an Mholta. Rinne sainghrúpa tuilleadh moltaí beartais[29], lenar clúdaíodh comhroinnt eolais agus líonrú, rochtain ar an tsaorálaíocht, constaicí riaracháin, feasacht, aitheantas, saorálaíocht dhigiteach agus comhthéacs an chomhshaoil, a bhí mar bhonn eolais don Mholadh atá beartaithe.

(7) Ó bhí 2008 ann, bhí tionchar tromchúiseach ag géarchéimeanna, mar shampla géarchéimeanna a chuireann isteach ar shoghluaisteacht fhisiciúil thrasnáisiúnta saorálaithe. Chuir paindéim COVID-19 i dtábhacht an tábhacht a bhaineann le sláinte, slándáil agus sábháilteacht gach rannpháirtí a áirithiú i gcónaí, lena n-áirítear forálacha a dhéanamh maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag imthosca gan choinne a bhainistiú. Thairis sin, le fada an lá, bhain coincheap na 'saorálaíochta trasnáisiúnta' sa chleachtas le gníomhaíochtaí ina mbíonn soghluaisteacht fhisiciúil na saorálaithe i gceist. Tá treochtaí nua saorálaíochta tagtha chun cinn, áfach, i ngeall ar dhul chun cinn teicneolaíochta agus faoi thionchar phaindéim COVID-19. Léirigh an tsaorálaíocht dhigiteach go bhféadfadh sí an tsaorálaíocht 'chaighdeánach' a bhaineann leis an tsoghluaisteacht fhisiciúil a chomhlánú nó a bheith ina cineál eile saorálaíochta fiú, go háirithe le haghaidh daoine óga nach bhfuil in ann aistear a dhéanamh. Léirigh gné idirghlúine na saorálaíochta go soiléir freisin an tábhacht atá léi maidir le dul i ngleic leis na dúshláin dhéimeagrafacha atá le sárú ag ár sochaí. Tá ábhair imní maidir leis an gcomhshaol agus maidir leis an athrú aeráide ag barr chlár

[25] IO C 456, 18.12.2018, lgh. 1-22.
[26] https://europa.eu/youth/d8/sites/default/files/inline-files/1_EN_ACT_part1_v3.pdf
[27] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:42018Y1218(01)&qid=1578414694481&from=EN
[28] Meastóireacht ar Straitéis Óige an Aontais agus ar an Moladh ón gComhairle maidir le soghluaisteacht saorálaithe óga, 2017.
[29] 'Soghluaisteacht saorálaithe óga agus dlúthpháirtíocht trasteorann a chur chun cinn, bosca uirlisí praiticiúil le haghaidh gníomhaithe agus páirtithe leasmhara i réimse na hóige agus moltaí le haghaidh lucht ceaptha beartas', arna fhorbairt ag an sainghrúpa a bhunaigh an Coimisiún Eorpach chun tacú leis an bpróiseas athbhreithnithe ar Mholadh 2008 ón gComhairle maidir le soghluaisteacht saorálaithe óga, 2021 (rinneadh an obair idir mí Mheán Fómhair 2019 agus mí Mheán Fómhair 2020).

oibre polaitiúil an Aontais agus ní mór iad a léiriú i ngníomhaíochtaí ina mbíonn an tsoghluaisteacht thrasnáisiúnta i gceist.

(8) Sa Teachtaireacht maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a bhunú faoi 2025[30] cuireadh i dtábhacht an tábhacht a bhaineann le cuimsitheacht, cáilíocht agus aitheantas na n-eispéireas trasteorann faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach. Ráthaíochtaí maidir le cáilíocht na ndeiseanna atá ar fáil agus soláthar na tacaíochta iomchuí do rannpháirtithe ag gach céim den eispéireas saorálaíochta, is réamhriachtanas iad le haghaidh na ngníomhaíochtaí saorálaíochta le go dtairbheoidh pobail agus saorálaithe óga díobh.

(9) Is é ceann de na chéad dúshláin atá le sárú ag daoine óga ar spéis leo taithí a fháil ar an tsaorálaíocht thrasnáisiúnta rochtain a fháil ar fhaisnéis sholáimhsithe maidir lena stádas agus maidir lena gcearta mar shaorálaithe, ar shuíomh gréasáin náisiúnta tiomnaithe, ionas gur féidir leo tús a chur lena ngníomhaíocht saorálaíochta trasnáisiúnta agus iad go hiomlán ar an eolas faoin tionchar a bheidh aici ar a gcearta agus ar a dteidlíochtaí slándála sóisialta sa Bhallstát óstach agus sa Bhallstát ina bhfuil gnáthchónaí orthu[31]. De bhun Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, ar nósanna imeachta agus ar sheirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar, tá sé d’oibleagáid ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cheana féin faisnéis sholáimhsithe ar líne a sholáthar do shaoránaigh an Aontais maidir le cearta, oibleagáidí agus rialacha a leagtar síos i ndlí an Aontais agus sa dlí náisiúnta i réimse na saorálaíochta i mBallstát eile[32].

(10) Ní féidir dul i ngleic le go leor saincheisteanna a bhaineann leis an tsoghluaisteacht thrasnáisiúnta ar an leibhéal náisiúnta amháin, ós rud é go mbíonn na Ballstáit seolta agus na Ballstáit óstacha i gceist leis na gníomhaíochtaí. Is féidir le creatchoinníollacha, amhail creatchoinníollacha a bhaineann le cumhdach slándála sóisialta, a bheith éagsúil ó Bhallstát go chéile agus d’fhéadfaidís a bheith ina gconstaicí tábhachtacha ar an tsoghluaisteacht trasteorann. I Moladh 2008 ón gComhairle, iarradh go ndéanfaí scrúdú ar ‘fhorálacha cosanta sóisialta trí fhóraim iomchuí an Aontais atá ann cheana d’fhonn leas iomlán a bhaint as na féidearthachtaí faoi reachtaíocht an Aontais agus faoin reachtaíocht náisiúnta’.

(11) Leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Plean Gníomhaíochta Coiste na Réigiún um imeascadh agus cuimsiú 2021-2027[33], aithnítear ról na saorálaíochta chun daoine ar lú na deiseanna atá acu a imeascadh agus a chuimsiú. I gcás go leor daoine, d’fhéadfadh sé gurb é an tsaorálaíocht an rogha is inrochtana maidir leis an tsoghluaisteacht trasteorann. Féadfaidh bacainní riaracháin agus praiticiúla ar an tsaorálaíocht trasteorann a bheith roimh náisiúnaigh tríú tír i gcás

30 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025, COM(2020)625 final, le fáil ag EUR-Lex - 52020DC0625 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

31 Le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta, ba cheart a mheabhrú go ndéantar foráil i dtaca le comhordú cearta slándála sóisialta, lena n-áirítear sochair bhreoiteachta, i gcásanna trasteorann agus baineann sé le saorálaithe ag aistriú idir na Ballstáit.

32 IO L 295, 21.11.2018, lch. 32, iarscríbhinn I, roinn E. a cuireadh chun feidhme tríd an tairseach ‘An Eoraip Agatsa’: An Eoraip Agatsa (europa.eu)

33 COM(2020) 758 final

inar gá dóibh iarratas a dhéanamh ar víosa fadtéarmach nó ar chead cónaithe chun críche seirbhíse deonaí i mBallstát eile.

(12) Baineann saorálaithe amach torthaí foghlama lena méadaítear a n-infhostaitheacht de bharr eispéiris saorálaíochta. Tá creataí náisiúnta nó creataí de chuid an Aontais (is iad sin, Youthpass[34] agus Europass[35]) ann lena dtacaítear le torthaí foghlama na ngníomhaíochtaí saorálaíochta a shainaithint, a dhoiciméadú agus a bhailíochtú. Leis an Moladh ón gComhairle an 20 Nollaig 2012 maidir le bailíochtú na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla[36], iarradh ar fhostóirí agus ar eagraíochtaí na hóige agus na sochaí sibhialta aitheantas agus doiciméadú torthaí foghlama a fhaightear ag an obair nó i ngníomhaíochtaí deonacha a chur chun cinn agus a éascú. Sa mheastóireacht[37] ar Mholadh 2012 ón gComhairle, aithníodh réimsí ina bhfuil gníomhaíocht bhreise ag teastáil chun spriocanna Mholadh 2012 ón gComhairle a bhaint amach, chun rochtain a thabhairt do dhaoine ar níos mó deiseanna bailíochtaithe agus ar dheiseanna bailíochtaithe níos fearr, rud a chuirfidh ar a gcumas dóibh rochtain a fháil ar an mbreisfhoghlaim agus leas a bhaint as a gcuid scileanna i sochaí na hEorpa agus i margadh an tsaothair. Sainítear le Cinneadh Europass an 16 Aibreán 2018 go bhfuil saorálaithe i measc a spriocghrúpaí.

(13) Le forbairtí nua ó bhí 2008 ann, fianaise maidir le bacainní ar an tsaorálaíocht thrasnáisiúnta agus moltaí beartais ó shainghrúpa i dtaca le soghluaisteacht saorálaithe óga a chur chun cinn, iarrtar Moladh nua ón gComhairle maidir leis an tsaorálaíocht, d’fhonn feabhas a chur ar cháilíocht shaorálaíocht thrasnáisiúnta na hóige agus an fhoghlaim fhrithpháirteach, líonrú agus sineirgí idir scéimeanna saorálaíochta sna Ballstáit agus sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach a spreagadh.

(14) Urramaítear go hiomlán leis an Moladh seo prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta.

**AITHNÍONN SÍ:**

1. Chun críocha an Mholta seo, úsáidtear an sainmhíniú céanna ar ‘shaorálaíocht’ a úsáidtear i Rialachán (AE) 2021/888 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, eadhon gníomhaíocht dlúthpháirtíochta a mhaireann suas le 12 mhí, ar gníomhaíocht dheonach gan íocaíocht[38] í a rannchuidíonn leis an leas coiteann a bhaint amach. I gcás ina ndéantar foráil le scéimeanna trasnáisiúnta sna Ballstáit maidir le gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a mhaireann níos faide ná 12 mhí, gníomhaíochtaí a chomhfhreagraíonn don sainmhíniú ar an tsaorálaíocht ar shlí eile, measfar gurb í an tsaorálaíocht atá i gceist leo chun críocha an Mholta seo agus dá bhrí sin, áireofar i raon feidhme an Mholta iad.

---

[34] Is é Youthpass an príomhionstraim aitheantais agus bhailíochtaithe atá ar fáil do gach rannpháirtí in Erasmus+ agus sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach chun an próiseas foghlama a léiriú agus chun a dtorthaí foghlama i dteastas Youthpass a dhoiciméadú.

[35] Le Cinneadh (AE) 2018/646 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 maidir le creat comhchoiteann le haghaidh soláthar seirbhísí níos fearr do scileanna agus do cháilíochtaí (Europass) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2241/2004/CE (IO L 112, 2.5.2018, lch. 42–50.), bunaítear creat Eorpach chun tacú le trédhearcacht agus le tuiscint na scileanna agus na gcáilíochtaí a shealbhaítear i suíomhanna foirmiúla, seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, lena n-áirítear trí thaithí phraiticiúil, tríd an tsoghluaisteacht agus tríd an tsaorálaíocht.

[36] IO C 398, 22.12.2012, lgh. 1-5.

[37] Meastóireacht ar Straitéis Óige an Aontais agus ar an Moladh ón gComhairle maidir le soghluaisteacht saorálaithe óga (europa.eu) mí an Mhárta 2016

[38] Ní íoctar saorálaithe as a gcuid ama ach féadfar costais a bhíonn teoranta do thaisteal, bia nó lóistín agus/nó costais bheaga phearsanta eile de ghnáth a chumhdach.

2. Le saorálaíocht na hóige faoin Moladh seo, áirítear saorálaíocht ar fud an Aontais a dhéanann náisiúnaigh an Aontais nó náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí orthu i mBallstát amháin agus atá ag aistriú chuig Ballstáit eile chun críche seirbhíse deonaí, faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach nó faoi aon scéim náisiúnta trasteorann saorálaíochta sna Ballstáit. A mhéid is féidir, ba cheart gníomhaíochtaí saorálaíochta idir na Ballstáit agus tríú tíortha a chur san áireamh sna gníomhaíochtaí a dhéanann na Ballstáit agus an Coimisiún mar fhreagra ar an Moladh seo. Níor cheart drochthionchar a bheith ag gníomhaíochtaí saorálaíochta ar fhostaíocht íoctha a d'fhéadfadh a bheith ann ná ar fhostaíocht íoctha atá ann cheana, agus níor cheart breathnú orthu mar ionadaithe ar an bhfostaíocht íoctha. Leis na téarmaí 'óige' agus 'óg', cumhdaítear an t-aoisghrúpa idir 18 mbliana d'aois agus 30 bliain d'aois.

3. Ciallaíonn daoine óga ar lú na deiseanna atá acu daoine óga a mbíonn bacainní rompu a chuireann cosc orthu rochtain éifeachtach a bheith acu ar dheiseanna, ar chúiseanna eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha, geografacha nó sláinte, mar gheall ar a gcúlra imirceach, nó ar chúiseanna amhail míchumas nó deacrachtaí oideachais nó ar aon chúis eile, lena n-áirítear cúis a bhféadadh idirdhealú faoi Airteagal 12 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais eascairt aisti[39].

**AG MOLADH LEIS SEO DO NA BALLSTÁIT:**

Leanúint den tsaorálaíocht thrasnáisiúnta san Eoraip agus níos faide i gcéin a chur chun cinn, agus aird chuí á tabhairt ar chreataí náisiúnta agus ar an reachtaíocht i réimse na ngníomhaíochtaí deonacha, agus ar thosaíochtaí náisiúnta foriomlána na mBallstát, deiseanna áitiúla atá ann cheana agus córais chaiteachais phoiblí.

Forbairt na modhanna oibre seo a leanas a éascú, chun na críche sin:

1. Breathnú a dhéanamh ar bhearta lena rannchuidítear le creat reachtach agus cur chun feidhme atá leormhaith agus soiléir a fhorbairt maidir le sláinte, sábháilteacht agus slándáil rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí saorálaíochta trasnáisiúnta tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

    (a) a áirithiú go gcuireann eagraithe a bhfuil baint acu le cur chun feidhme gníomhaíochtaí saorálaíochta nósanna imeachta soiléire agus iontaofa i bhfeidhm chun cúram a dhéanamh de shaorálaithe agus cúnamh a thabhairt dóibh i gcás géarchéimeanna, éigeandálaí agus imthosca eile gan choinne;

    (b) a áirithiú gur féidir le gach saorálaí tairbhiú de chumhdach slándála sóisialta leormhaith agus leanúnach (lena n-áirítear trí roghanna árachais do ghrúpa sonracha saorálaithe a fhorbairt, mar shampla daoine óga faoi mhíchumas, i ndlúthchomhar le soláthraithe árachais);

    (c) scrúdú breise a dhéanamh ar fhorálacha cosanta sóisialta trí fhóraim iomchuí an Aontais atá ann cheana d'fhonn leas iomlán a bhaint as na féidearthachtaí faoi reachtaíocht an Aontais agus faoin reachtaíocht náisiúnta.

2. Faisnéis a sholáthar agus feasacht a mhúscailt ar chearta saorálaithe mar a shonraítear leis an gcreat tiomnaithe a leagtar amach thuas, go háirithe:

    (a) faisnéis phraiticiúil agus chuimsitheach do shaorálaithe a bhaineann leis na rialacha náisiúnta dlíthiúla agus riaracháin lena rialaítear an tsaorálaíocht agus

[39] Féach an sainmhíniú céanna i Rialachán (AE) 2021/888, Airteagal 2 (4)

tionchar na saorálaíochta i mBallstát eile ar chearta agus ar theidlíochtaí[40] slándála sóisialta an tsaorálaí (saorálaithe AE isteach agus amach araon), an fhaisnéis sin a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin náisiúnta tiomnaithe atá inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas;

(b) eagraithe scéimeanna náisiúnta trasteorann saorálaíochta atá ann cheana a spreagadh chun suíomhanna gréasáin[41] náisiúnta agus Eorpacha ábhartha a thabhairt le fios, suíomhanna a chuireann saorálaithe ar an eolas faoina gcearta, faoina n-oibleagáidí agus faoi na rialacha is infheidhme maidir leis an tsaorálaíocht i mBallstát eile.

3. Feabhas a chur ar cháilíocht na ndeiseanna saorálaíochta trí thacú le heagraithe gníomhaíochtaí saorálaíochta faoi scéimeanna náisiúnta ina gcuid iarrachtaí fothaithe acmhainneachta. Go háirithe, is féidir é sin a bhaint amach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) eagraithe sna Ballstáit seolta agus glactha a spreagadh chun dul i gcomhar le chéile, lena n-áirítear trí fhaisnéis leordhóthanach faoin ngníomhaíocht saorálaíochta, faoina n-eagraithe agus faoin saorálaí a sholáthar, chun é a chur ar a chumas don dá pháirtí cinneadh eolasach a dhéanamh faoi inbhuanaitheacht na gníomhaíochta agus chun aon cheanglas dlí a chomhlíonadh;

(b) eagraithe gníomhaíochtaí saorálaíochta a spreagadh, lena n-áirítear eagraithe a eagraíonn gníomhaíochtaí saorálaíochta ar bhonn tráchtála[42], chun cáilíocht, i measc nithe eile, a chur i dtábhacht trí eagrú gníomhaíochtaí saorálaíochta a bhunú ar anailís lena dtacaítear le riachtanais inaitheanta agus a théann chun tairbhe do phobail áitiúla.

(c) eagraithe gníomhaíochtaí saorálaíochta trasnáisiúnta a spreagadh chun béim leormhaith a chur ar ghné foghlama na ngníomhaíochtaí saorálaíochta, lena n-áirítear foghlaim teangacha sa tsaorálaíocht thrasnáisiúnta;

(d) tacaíocht a thabhairt d’eagraithe gníomhaíochtaí saorálaíochta úsáid níos córasaí agus níos ginearálta a bhaint as creataí náisiúnta nó creataí de chuid an Aontais atá ann cheana (i.e. Youthpass agus Europass) chun tacú le torthaí foghlama na ngníomhaíochtaí saorálaíochta a shainaithint, a dhoiciméadú agus a bhailíochtú;

(e) obair óige a aithint mar cheann de na príomhuirlisí chun cáilíocht na ngníomhaíochtaí saorálaíochta san Aontas a fhorbairt agus chun rannchuidiú ar an mbealach sin le cur chun feidhme an Chláir Oibre Eorpaigh don Obair Óige[43];

---

[40] Lena n-áirítear faisnéis maidir leis na nósanna imeachta chun iarratas a dhéanamh ar an gCárta Eorpach um Árachas Sláinte (CEÁS) agus faisnéis mhionsonraithe maidir leis an méid a chumhdaítear agus an méid nach gcumhdaítear le córais cúraim sláinte náisiúnta

[41] An tairseach ilteangach ‘An Eoraip Agatsa’ faoi Rialachán (AE) 2018/1724, IO L 295; roinn ‘Vicí don Óige’ ar Thairseach Eorpach na hÓige; faisnéis ar thairseach Europa, e.g. ar an gCárta Eorpach um Árachas Sláinte (CEÁS): [Iarratas ar chárta - Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta & Cuimsiú - an Coimisiún Eorpach (europa.eu)]

[42] An cleachtas a bhaineann leis an tsaorálaíocht agus saoire a thabhairt le chéile, agus páirt á glacadh ag daoine i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta mar dhlúthchuid den eispéireas turasóireachta, gníomhaíochtaí as a n-íocann siad.

[43] Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir leis an gCreat chun Clár Oibre Eorpach don Obair Óige a bhunú (2020/C 415/01)

(f) tacú leis an oiliúint a chuirtear ar oibrithe óige, agus aitheantas a thabhairt don príomhról atá acu maidir le saorálaithe óga a thionlacan agus treoir a thabhairt dóibh trí eispéireas ardchaighdeáin saorálaíochta;

(g) eagraithe gníomhaíochtaí saorálaíochta trasnáisiúnta a spreagadh chun iarratas a dhéanamh ar mharc cáilíochta an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh;

(h) caighdeáin ghinearálta cháilíochta maidir leis an tsaorálaíocht a fhorbairt agus a chur chun cinn agus inspioráid á fáil ó chóras cuimsitheach na mbeart cáilíochta, tacaíochta, cuimsithe agus deimhniúcháin atá i Rialachán (AE) 2021/888[44], i gcás inarb indéanta sa chomhthéacs náisiúnta;

(i) bearta a ghlacadh chun a áirithiú nach mbeidh ionadú poist mar thoradh ar ghníomhaíochtaí saorálaíochta.

4. A áirithiú gur deis réalaíoch do gach duine óg é rochtain a fháil ar ghníomhaíochtaí saorálaíochta trasnáisiúnta, lena n-áirítear daoine óga ar lú na deiseanna atá acu, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) tacú le tairsí náisiúnta agus struchtúir réigiúnacha agus áitiúla a chruthú agus/nó a oibriú chun faisnéis agus treoraíocht a sholáthar maidir le deiseanna saorálaíochta atá ann cheana, i bhformáidí atá inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, do shaorálaithe óga féideartha, lena n-áirítear daoine óga ar lú na deiseanna atá acu, an tsochaí shibhialta/eagraíochtaí dlúthpháirtíochta, agus páirtithe leasmhara eile sa réimse. Féadfaidh líonraí alumni agus oibrithe óige áitiúla a bheith sna struchtúir sin, agus is féidir a n-inniúlacht a úsáid chun iarrthóirí féideartha saorálaíochta a chumhachtú agus tacú leo, agus, i gcás inarb ábhartha, d’fhéadfaidís oibriú i gcomhar leis na Gníomhaireachtaí Náisiúnta a chuireann an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach chun feidhme;

(b) rochtain ar eispéiris saorálaíochta trasnáisiúnta a éascú do dhaoine óga ar lú na deiseanna atá acu trí fhaisnéis spriocdhírithe agus for-rochtain eagraíochtaí agus líonraí ábhartha a chur chun cinn[45], lena n-áirítear trí fheasacht a mhúscailt maidir leis an tábhacht atá le hinniúlachtaí idirchultúrtha agus le foghlaim teangacha mar chéim i dtreo na soghluaisteachta trasnáisiúnta;

(c) eagraithe gníomhaíochtaí saorálaíochta a spreagadh chun cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, go háirithe i measc daoine óga faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear trí sholáthar lóistín réasúnta agus oiriúnach a áirithiú, agus trí inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a áirithiú freisin;

(d) tacú le heagraíochtaí agus le líonraí ábhartha chun gníomhaíochtaí saorálaíochta gearrthéarmacha, páirtaimseartha agus áitiúla a chur chun cinn mar chéad chéim fhéideartha i dtreo rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí trasnáisiúnta agus tacaíocht spriocdhírithe bhreise a thabhairt chun deiseanna saorálaíochta a fhorbairt a fhreastalaíonn ar dhaoine óga nach féidir páirt a ghlacadh sa tsoghluaisteacht thrasnáisiúnta fhisiciúil ar chúiseanna éagsúla, go háirithe trí dheiseanna saorálaíochta digiteacha nó cumaisc a sholáthar;

---

44 Rialachán (AE) 2021/888 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2018/1475 agus (AE) Uimh. 375/2014 (IO L 202, 8.6.2021, lch. 32)

45 Féach Straitéis Erasmus+ agus an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh um Chuimsiú agus Éagsúlacht chun treoir a fháil maidir leis an gcaoi chun é sin a dhéanamh: https://ec.europa.eu/programmes/erasmus-plus/resources/implementation-guidelines-erasmus-and-european-solidarity-corps-inclusion-and-diversity_en

(e) tacaíocht a thabhairt d'eagraithe gníomhaíochtaí saorálaíochta chun gnéithe de chuimsiú daoine óga ar lú na deiseanna atá acu a fhorbairt le haghaidh a dtionscadal[46], i measc nithe eile trí na daoine óga a chur i dteagmháil le saineolaithe ó sheirbhísí atá i gceannas ar chur chun cinn an chuimsithe shóisialta, saineolaithe a d'fhéadfadh tacú leo agus oiliúint a chur orthu;

(f) tacaíocht spriocdhírithe a thabhairt d'fhorbairt gníomhaíochtaí saorálaíochta, agus cuimsiú, comhionannas agus cumhachtú grúpaí faoi mhíbhuntáiste nó grúpaí i mbaol idirdhealaithe á gcur chun cinn go sonrach, rud a spreagann saorálaithe óga ó na pobail sin chun páirt a ghlacadh sa tsaorálaíocht agus chun bheith ina n-eiseamláirí ina bpobal féin;

(g) uirlisí trasnáisiúnta atá ann cheana a d'fhéadfadh cuidiú le soghluaisteacht na hóige a chur chun cinn a thuilleadh, amhail cártaí soghluaisteachta agus daoine a spreagadh chun úsáid a bhaint astu i ngach gníomhaíocht saorálaíochta trasnáisiúnta[47];

(h) nuair is féidir agus gan dochar do *acquis* Schengen agus do dhlí an Aontais maidir le hiontráil agus cónaí náisiúnach tríú tír, teacht ar réiteach ar shaincheisteanna riaracháin agus praiticiúla a chruthaíonn deacrachtaí i dtaca le víosaí fadtéarmacha agus/nó ceadanna cónaithe a fháil do náisiúnaigh tríú tír chun críche seirbhíse deonaí.

5. Feasacht a mhéadú maidir leis na buntáistí a bhaineann le gníomhaíochtaí saorálaíochta trasnáisiúnta, trí fhaisnéis, treoraíocht agus gníomhaíochtaí for-rochtana. Aird ar leith a thabhairt chun teagmháil chothrom a dhéanamh le daoine óga ar lú na deiseanna atá acu. Áirítear leis sin an méid seo a leanas a chur chun cinn:

(a) tugann gníomhaíochtaí saorálaíochta bealach nithiúil do dhaoine óga rannchuidiú le dul i ngleic le dúshláin shochaíocha;

(b) cuireann eispéireas saorálaíochta feabhas ar fhorbairt phearsanta, oideachais, shóisialta, shibhialta agus ghairmiúil daoine óga agus cuidíonn sé leo scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt a bhfuil gá leo i margadh an tsaothair agus a bhfuil meas ag margadh an tsaothair orthu;

(c) tá creataí ann chun tacú le torthaí foghlama na ngníomhaíochtaí saorálaíochta (lena n-áirítear Youthpass agus Europass) a shainaithint, a dhoiciméadú agus a bhailíochtú, go háirithe trí ghníomhaíocht lena mbaineann páirtithe leasmhara náisiúnta in earnálacha an oideachais, na hoiliúna, na fostaíochta, na seirbhísí sóisialta agus na hóige.

6. Tacú le gníomhaíochtaí forbartha pobail a bhaineann leis an tsaorálaíocht agus iad a chur chun cinn. Áirítear leis sin:

---

[46] I gcomhréir le straitéisí an Aontais um chomhionannas agus creataí maidir leis an mbeartas cuimsithe a glacadh in 2020-2021 agus atá dírithe ar ghrúpaí sonracha a ndéantar idirdhealú orthu agus atá faoi mhíbhuntáiste: Plean gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le frithchiníochas 2020-2025 (COM(2020) 565 final, 18.9.2020), creat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach (COM(2020) 620 final, 9.10.2020), an straitéis um chomhionannas LGBTIQ (COM(2020) 698 final, 12.11.2020), an Plean Gníomhaíochta um Imeascadh agus Cuimsiú (COM(2020) 758 final, 24.11.2020), an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas (COM(2021) 101 final, 3.3.2021).

[47] Cheana féin is é sin dea-chleachtas na hiar-Sheirbhíse Deonaí Eorpaí agus an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, a thugann Cárta Óige Eorpach do gach saorálaí saor in aisce.

(a) oibriú líonraí saorálaithe atá gníomhach faoi scéimeanna náisiúnta atá ann cheana a spreagadh, go háirithe líonraí a bhfuil fís fhadtéarmach acu, is é sin líonraí nach bhfuil nasctha le fad tionscadal aonair nó nach bhfuil teoranta ag fad na dtionscadal aonair sin;

(b) líonraí Eorpacha atá ann cheana a bhaineann leis an tsaorálaíocht a spreagadh, go háirithe an Líonra Dlúthpháirtíochta Eorpach agus Europeers, chomh maith le hacmhainní agus ardáin eile atá inrochtana trí Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ar Thairseach Eorpach na hÓige;

(c) iar-shaorálaithe a spreagadh chun taithí a roinnt trí líonraí óige, forais oideachais agus ceardlanna mar ambasadóirí nó mar bhaill de líonra, agus iad a spreagadh freisin le hoiliúint a chur ar shaorálaithe atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo;

(d) eagraithe gníomhaíochtaí saorálaíochta a spreagadh chun tacú le saorálaithe agus iad ag imeascadh sa phobal óstach le linn a ngníomhaíochta agus iad ag leanúint ar aghaidh lena rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí saorálaíochta tar éis dóibh filleadh abhaile, agus béim ar leith á cur ar dhaoine óga ar lú na deiseanna atá acu a thionlacan.

7. Iniúchadh a dhéanamh ar threochtaí nua agus ar ghnéithe agus formáidí malartacha na saorálaíochta, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) tástáil formáidí agus bailiú fianaise ar an tsaorálaíocht dhigiteach a chur chun cinn, lena n-áirítear i gcomhthéacs trasnáisiúnta mar chomhlánú ar an tsoghluaisteacht fhisiciúil nó mar fhormáid neamhspleách ar ghníomhaíochtaí saorálaíochta. D’fhéadfadh sé sin a bheith an-ábhartha chun feabhas a chur ar an rochtain ar an tsaorálaíocht do dhaoine óga ar lú na deiseanna atá acu;

(b) luach na saorálaíochta idirghlúine a aithint agus í a chur chun cinn mar rannchuidiú luachmhar leis na dúshláin atá le sárú ag sochaí atá ag dul in aois, agus í a chur chun cinn freisin mar bhealach chun páirt a thabhairt do dhaoine óga in idirphlé idirghlúine, aistriú eolais idirghlúine a éascú agus feabhas a chur ar an gcomhtháthú sóisialta.

8. Sineirgí, comhlántachtaí agus leanúnachas a chruthú idir scéimeanna agus tionscnaimh saorálaíochta ar an leibhéal Eorpach agus (ar leibhéil éagsúla) i mBallstáit aonair. Áirítear leis sin, mar shampla:

(a) faisnéis a mhalartú idir na Ballstáit maidir le scéimeanna saorálaíochta atá ann cheana, lena n-áirítear scéimeanna státseirbhíse náisiúnta i gcás inarb ann dóibh, agus tarchur faisnéise den sórt sin chuig an gCoimisiún Eorpach, d’fhonn an foilsiú ar Thairseach Eorpach na hÓige, an Vicí don Óige, agus forbairt dea-chleachtas a éascú;

(b) bearta a mheas lena gcuirfí aistriú dea-chleachtas ó scéimeanna saorálaíochta eile chun cinn agus lena dtabharfaí tacaíocht don aistriú sin.

9. Tacú le gníomhaíochtaí saorálaíochta a lena gcuidítear go fóinteach le dul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) comhtháthú na gcleachtas glas i ngach tionscnamh agus gníomhaíocht saorálaíochta a spreagadh, agus iompraíocht atá inbhuanaithe agus freagrach ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn i measc rannpháirtithe agus eagraíochtaí rannpháirteacha;

(b) laghdú ar lorg comhshaoil gníomhaíochtaí saorálaíochta a chur chun cinn, mar shampla trí dhramhaíl a laghdú, tríd an athchúrsáil agus trí mhodhanna iompair inbhuanaithe a úsáid;

(c) forbairt na ngníomhaíochtaí saorálaíochta a chur chun cinn, gníomhaíochtaí lena dtugtar aghaidh ar chosaint an chomhshaoil, an inbhuanaitheacht, spriocanna aeráide, cosc tubaistí agus athshlánú ó thubaistí.

10. Faisnéis a áireamh i nuashonruithe tráthrialta a dhéantar faoi Straitéis Óige an Aontais maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh agus an Moladh seo á leanúint, go háirithe mar chuid de na pleanálaithe gníomhaíochtaí náisiúnta a bheidh ann sa todhchaí (FNAPanna).

**AG IARRAIDH AR AN gCOIMISIÚN LEIS SEO:**

1. Tacú leis na Ballstáit an Moladh seo a leanúint trí shásraí agus trí uirlisí comhair Straitéis Óige an Aontais agus chláir óige an Aontais, go háirithe an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach.

2. An fhoghlaim fhrithpháirteach agus malartuithe idir na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara ábhartha uile ar leibhéil éagsúla a éascú trí ghníomhaíochtaí amhail an phiarfhoghlaim, an phiarchomhairleoireacht, sainghrúpaí, líonrú agus struchtúir chomhair eile, lena n-áirítear béim ar shineirgí agus ar chomhlántachtaí idir an tAontas agus scéimeanna ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear scéimeanna státseirbhíse náisiúnta i gcás inarb ann dóibh. Chun na críche sin, úsáid a bhaint as spásanna atá ann cheana amhail an Vicí don Óige agus Tairseach Eorpach na hÓige ar ar féidir acmhainní agus eolas a roinnt i measc na mBallstát agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ar leibhéil éagsúla.

3. Iniúchadh a dhéanamh ar threochtaí agus ar fhormáidí nua saorálaíochta, trí fhianaise a bhailiú, trí dhea-chleachtais a fhorbairt agus trí threoraíocht agus lámhleabhair a ullmhú, go háirithe maidir leis an tsaorálaíocht dhigiteach nó chumaisc agus an tsaorálaíocht idirghlúine.

4. Deiseanna Eorpacha sa tsaorálaíocht óige a chur chun cinn agus daoine a chur ar an eolas fúthu, lena n-áirítear deiseanna le haghaidh daoine ar lú na deiseanna atá acu, trí Thairseach Eorpach na hÓige, ar a bhfuil an uirlis chlárúcháin le haghaidh gníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach. I gcomhar leis na Ballstáit, naisc le suíomhanna gréasáin ábhartha a chur ar Thairseach Eorpach na hÓige[48].

5. Saorálaíocht thrasnáisiúnta daoine óga faoi mhíchumas a éascú trí Chárta Míchumais AE a mholadh, faoi dheireadh 2023, d'fhonn é a bheith aitheanta i ngach Ballstát. Sa togra, cur leis an treoirthionscadal atá ar bun maidir leis an gCárta Míchumais AE in ocht mBallstát[49] agus cur leis an gcárta páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas.

6. An úsáid a bhaintear as uirlisí Aontais atá ann cheana lena dtacaítear le bailíochtú thorthaí na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, go háirithe Youthpass agus ardán Europass, lena n-áirítear trí dhintiúir dhigiteacha Eorpacha le haghaidh na

48 In éineacht le faisnéis dá bhforáiltear faoi phointe 2 a) den Mholadh seo, chomh maith le faisnéis ar scéimeanna náisiúnta saorálaíochta.

49 Cárta Míchumais AE - Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta & Cuimsiú - an Coimisiún Eorpach (europa.eu)

foghlama, an úsáid sin a fhorbairt a thuilleadh, a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt di.

7. Tacú le taighde agus le bailiú sonraí maidir le tionchar fadtéarmach na ngníomhaíochtaí saorálaíochta agus dlúthpháirtíochta ar dhaoine aonair, ar eagraíochtaí, agus ar an tsochaí, lena n-áirítear ceachtanna a foghlaimíodh agus léargais ó phaindéim COVID-19 ar earnáil na saorálaíochta agus ullmhacht na hearnála maidir le géarchéimeanna comhchosúla, trí staidéir, suirbhéanna, staidreamh, taighde agus anailísíocht sonraí.

8. Na FNAPanna a úsáid chun faisnéis a bhailiú maidir le dul chun cinn na mBallstát i dtaca leis an Moladh seo a leanúint.

9. Tuairisciú ar úsáid an Mholta seo ón gComhairle i gcomhthéacs na hoibre ar chur chun feidhme Straitéis Óige an Aontais agus i gcomhthéacs an chreata straitéisigh le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide anonn.

Cuirtear an Moladh seo in ionad an Mholta ón gComhairle an 20 Samhain 2008 maidir le soghluaisteacht saorálaithe óga ar fud an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*